CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Ceisteanna coitianta:
# Ról agus obair Chúirt Iniúchóirí na hEorpa mar iniúchóir seachtrach an Aontais

## 1. Cé muid féin?

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) **iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais Eorpaigh** (AE). Bunaíodh í le Conradh na Bruiséile 1975 agus thosaigh sí ag obair i nDeireadh Fómhair 1977. Rinneadh Institiúid de chuid an Aontais di in 1993 faoi Chonradh Maastricht.

Cabhraímid le feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais an Aontais, cuirimid cuntasacht agus trédhearcacht chun cinn, agus gníomhaímid mar **chosantóir do leasanna airgeadais** shaoránaigh an Aontais. Bíonn ár n-obair neamhspleách agus oibiachtúil ag tacú le hinstitiúidí eile an Aontais agus leis na Ballstáit ó thaobh úsáid chistí AE a bhainistiú agus a mhaoirsiú ar bhealach níos fearr.

Cuirimid ár gcuid oibre agus ár bhfionnachtana in iúl trí bhíthin tuarascálacha agus foilseacháin eile. Tá tábhacht don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa leis na tuarascálacha sin san obair reachtach agus sa ghrinnscrúdú a dhéanann siad, agus freisin sa phróiseas i bParlaimint na hEorpa trína **ndeonaítear urscaoileadh** d'institiúidí an Aontais maidir leis an gcaoi a ndéanann siad buiséad an Aontais a chur chun feidhme.

## 2. Cad a dhéanaimid?

Déanaimid **iniúchtaí** agus **athbhreithnithe**, agus eisímid **tuairimí**.

- Is ar bhonn neamhspleách a dhéanaimid ár gcuid **iniúchtaí** a roghnú agus a sheoladh, bunaithe ar ár sainordú agus ar na cúraimí atá sainithe sa Chonradh. Déanaimid an méid sin i gcomhréir le caighdeáin ghairmiúla agus fógairtí eile INTOSAI: *Is próiseas córasach atá san iniúchóireacht trína ndéantar fianaise a fháil agus a mheas chun a dhéanamh amach an bhfuil faisnéis nó dálaí iarbhír ag luí le critéir atá leagtha síos, ar critéir iad sin a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag comhlachtaí iniúchóireachta seachtraí neamhspleácha*. Cuimsíonn ár sainordú iniúchóireachta **iniúchtaí airgeadais, comhlíontachta agus feidhmíochta**, agus clúdaíonn sé institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus na húdaráis sna Ballstáit a bhíonn ag cur cistí Eorpacha agus/nó beartas Eorpach i bhfeidhm.

- Tá sé mar aidhm ag ár gcuid **athbhreithnithe** cur síos agus anailís a chur ar fáil i dtaobh chúlra na topaice, go hiondúil ó dhearcadh tras-earnálach de agus bunaithe ar obair iniúchóireachta a rinneadh roimhe sin nó ar fhaisnéis eile atá ar fáil go poiblí. D'fhéadfaimis ár n-anailís ar réimsí nó saincheisteanna nach bhfuil iniúchta fós againn a chur i láthair nó fíorais i dtaobh topaicí nó fadhbanna ar leith a shuíomh. D'fhéadfadh an obair sin rioscaí agus dúshláin ábhartha a lua freisin.

- Eisímid **tuairimí** freisin maidir le tograí ón gCoimisiún le haghaidh reachtaíocht nua nó athbhreithnithe. Nuair a bhíonn tionchar suntasach agus/nó díreach ar bhainistíocht airgeadais ag gabháil leis na tograí sin, caitear – de réir dhlí an Aontais – dul i gcomhairle leis an gCúirt Iniúchóirí le linn próisis reachtacha áirithe. Is féidir le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais a iarraidh ar an gCúirt Iniúchóirí tuairimí a eisiúint ar shaincheisteanna sonracha eile. Déantar gach ceann dár gcuid tuairimí a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, reachtóirí an Aontais, ionas go bhféadfaidh siadsan iad a bhreithniú, ach níl aon cheangal dlí ag gabháil leis na tuairimí sin.

## 3. Cén cineál iniúchtaí a dhéanaimid?

Déanaimid trí chineál iniúchóireachta, agus seiceálaimid:

- an bhfuil cuntas ceart tugtha ar chistí an Aontais (**iniúchadh airgeadais**);
- ar bailíodh agus caitheadh iad i gcomhréir leis na rialacha agus rialacháin ábhartha (**iniúchadh comhlíontachta**); agus
- an bhfuil luach ar airgead bainte amach (**iniúchadh feidhmíochta**).

### Iniúchtaí airgeadais agus comhlíontachta

I gcomhréir lenár sainordú faoin gConradh, tá orainn iniúchadh a dhéanamh gach bliain ar bheachtas ráitis airgeadais bhliantúla (comhdhlúite) bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (**iniúchadh airgeadais**) agus ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun le cuntais an Aontais Eorpaigh (**iniúchadh comhlíontachta**). Tagaimid ar ár dtuairim iniúchóireachta (**ráiteas dearbhaithe**) bunaithe ar chur chuige iniúchóireachta airgeadais agus comhlíontachta struchtúrtha.

Trínár **n-iniúchtaí airgeadais** bliantúla, scrúdaímid an bhfuil an fhaisnéis airgeadais curtha i láthair i gceart sna ráitis airgeadais ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an gcóras tuairiscithe airgeadais is infheidhme agus i gcomhréir leis an gcreat rialála is infheidhme. Déanaimid de réir na gcaighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta. Chun teacht ar ár dtuairim iniúchóireachta, déanaimid seiceáil ar fheidhmiú príomhnósanna imeachta cuntasaíochta, déanaimid anailís ar agus réitímid cuntais agus comharduithe agus déanaimid tástálacha substainteacha.

Déantar ár **n-iniúchtaí comhlíontachta** trí mheasúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil gníomhaíochtaí, idirbhearta airgeadais agus faisnéis atá taifeadta i ráitis airgeadais an Aontais ag comhlíonadh na rialacha, dlíthe, rialacháin agus comhaontuithe atá ábhartha don eintiteas faoi iniúchóireacht.

Chun a mheasúnú an gcomhlíonann na hidirbhearta is bun leis na cuntais rialacha agus rialacháin an Aontais agus rialacha agus rialacháin eile is infheidhme, bímid ag brath go príomha ar thástáil dhíreach ar **shampla d'idirbhearta** a roghnaítear go randamach agus atá ionadaíoch ó thaobh staidrimh de. Mar chomhlánú air sin, déanaimid scrúdú ar rogha de **chórais mhaoirseachta agus rialaithe** chun a dhéanamh amach an raibh ioncam Eorpach a bailíodh agus íocaíochtaí a tabhaíodh ríofa i gceart agus an bhfuil creat dlíthiúil agus rialála an Aontais á chomhlíonadh acu. Sa **tástáil mhionsonraithe** a dhéanaimid gach bliain, clúdaítear na scéimeanna caiteachais Eorpacha uile agus sampla de na Ballstáit, agus úsáidtear an tástáil sin chun measúnuithe sonracha a dhéanamh ar mhór-réimsí de bhuiséad an Aontais. Bainimid úsáid freisin as an obair ábhartha atá déanta ag **iniúchóirí eile** ón gCoimisiún agus ó riaracháin Bhallstáit an Aontais, agus atá ar fáil, mar fhianaise chun tacú lenár gconclúidí iniúchóireachta.

### Iniúchtaí feidhmíochta

Inár rogha **d'iniúchtaí feidhmíochta**, déanaimid measúnú ar cháilíocht ioncam nó chaiteachas an Aontais Eorpaigh. Is éard atá i gceist leis na hiniúchtaí sin ná scrúdú ar chláir, oibríochtaí, córais bhainistíochta agus nósanna imeachta na gcomhlachtaí agus na n-institiúidí a bhíonn ag bainistiú chistí an Aontais, lena mheasúnú an bhfuil **barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht** á mbaint amach acu maidir le húsáid na n-acmhainní sin.

In iniúchtaí feidhmíochta na Cúirte Iniúchóirí, cuimsítear seiceálacha ar nósanna imeachta agus córais phróiseas na hidirghabhála poiblí, lena n-áirítear **ionchuir** (na hacmhainní airgeadais, daonna, ábhair, eagrúcháin nó rialála atá riachtanach chun an clár a chur chun feidhme), **aschuir** (inseachadáin an chláir), **torthaí** (éifeachtaí láithreacha an chláir ar an dream a bhfuil na cláir dírithe chucu nó ar fhaighteoirí díreacha) agus **tionchair** (athruithe fadtéarmacha sa tsochaí atá inchurtha i leith ghníomhaíocht de chuid an Aontais).

## 4. Cad iad na príomh-aschuir a thagann ónár n-obair iniúchóireachta a fhoilsímid?

Tá ceithre phríomhchineál aschuir ag an gCúirt Iniúchóirí: **tuarascálacha bliantúla, tuarascálacha speisialta, athbhreithnithe agus tuairimí**.

Inár **dtuarascálacha bliantúla** tá torthaí ár gcuid oibre san **iniúchóireacht airgeadais agus comhlíontachta** ar bhuiséad an Aontais, ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus ar na Cistí Eorpacha Forbraíochta. Sa bhreis air sin, foilsímid **tuarascálacha bliantúla sonracha**, ina ndéanaimid torthaí ár **n-iniúchtaí airgeadais bliantúla** ar ghníomhaireachtaí, comhlachtaí díláraithe agus comhghnóthais an Aontais a chur i láthair. Inár dtuarascálacha bliantúla, bíonn ár ráiteas dearbhaithe nó ár dtuairim iniúchóireachta, a fhónann mar thaca agus bonn eolais do Pharlaimint na hEorpa nuair a bhíonn sí ag cinneadh an bhfuil sí chun cur chun feidhme bhuiséad an Aontais don bhliain a fhormheas.

Is i **dtuarascálacha speisialta** a fhoilsímid torthaí ár gcuid **iniúchtaí feidhmíochta** ar réimsí éagsúla caiteachais agus beartais. Bíonn fócas na dtuarascálacha sin ar thopaicí a léiríonn saincheisteanna atá ann don Aontas Eorpach, amhail fás agus poist, breisluach Eorpach, bainistiú an airgeadais phoiblí, an comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide.

In 2023, d'fhoilsíomar **35 thuarascáil speisialta agus athbhreithniú** a thug aghaidh ar an iomad dúshlán atá roimh an Aontas ar fud réimsí éagsúla i gcaiteachas agus beartais an Aontais.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsíomar **ceithre thuairim** inar scrúdaíodh tograí reachtacha ón gCoimisiún.

Foilsímid ár dtuarascálacha, ár n-athbhreithnithe agus ár dtuairimí ar fad ar **ár suíomh gréasáin i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh**. I gcás na dtuarascálacha, foilsítear na freagraí ón gcomhlacht faoi iniúchóireacht nó ó na comhlachtaí faoi iniúchóireacht ar ár suíomh gréasáin freisin.

# CEISTEANNA COITIANTA FAOI CIE

## 5. Cén t-airgead a chuirimid faoi iniúchóireacht?

Gach bliain, mar chuid dár n-obair don ráiteas dearbhaithe, déanaimid iniúchóireacht ar **ioncam agus caiteachas faoi bhuiséad an Aontais**. Sa bhreis air sin, déanaimid iniúchóireacht ar rialtacht **chaiteachas RRF**, a n-eisímid tuairim iniúchóireachta ar leithligh lena aghaidh.

I gcás Thuarascáil bhliantúil 2022 a d'eisíomar, is é €245.3 billiún agus €220.5 billiún, faoi seach, a bhí inár bpobal iniúchóireachta don tástáil ar ioncam agus ar chaiteachas. Bhí pobail iniúchóireachta ar leithligh againn le haghaidh caiteachas bhuiséad an Aontais (€166.8 billiún) agus le haghaidh caiteachas RRF (€53.7 billiún) chun tacú lenár dtuairimí faoi seach.

Sa bhreis air sin, déanaimid iniúchóireacht ar **ioncaim agus caiteachais Eorpacha eile**, amhail an 8ú, 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpacha Forbraíochta (CEFanna), gníomhaireachtaí an Aontais agus comhghnóthais an Aontais.

Bíonn ár n-iniúchtaí feidhmíochta nó ár dtuarascálacha speisialta ag díriú isteach ar réimsí sonracha sa chaiteachas agus sa bheartas a dtugann an tAontas Eorpach tacaíocht dóibh, nó ar thopaicí buiséadacha agus bainistíochta.

## 6. Cé air a ndéanaimid iniúchóireacht, agus cén áit a ndéantar í?

Is i Lucsamburg atá áitreabh na Cúirte Iniúchóirí. Déanaimid ár gcuid oibre iniúchóireachta i Lucsamburg agus freisin ar an bhfód. Tugann ár n-iniúchóirí lear mór cuairteanna **ar an gCoimisiún Eorpach** – ár bpríomhiniúchaí – agus ar institiúidí eile an Aontais, chomh maith le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i mBallstáit an Aontais, toscaireachtaí AE i dtíortha lasmuigh den Aontas, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhíonn ag bainistiú cistí ón Aontas.

Tugann ár n-iniúchóirí **cuairteanna ar an bhfód ar thairbhithe chistí AE**, idir thairbhithe laistigh den Aontas agus tairbhithe thar teorainn amach. Trí bhíthin na seiceálacha sin, leanaimid an t-airgead ó bhuiséad an Aontais go dtí na faighteoirí deiridh agus **faighimid fianaise iniúchóireachta go díreach** don eisíoc ón dream atá páirteach i mbainistiú bheartais agus chláir an Aontais agus i mbailiú nó íoc amach cistí an Aontais, agus freisin ó na tairbhithe deiridh.

## 7. Conas a dhéanaimid ár gclár oibre a leagan síos?

Tá neamhspleáchas iomlán ag an gCúirt Iniúchóirí i roghnú agus i ndéanamh a cuid oibre iniúchóireachta.

Leagtar amach inár **straitéis ilbhliantúil** cad iad na príomhchuspóirí atá againn don phleanáil fhadtéarmach. Chomh maith leis sin, tá próiseas pleanála againn a thugtar ar aghaidh ó bhliain go bliain ina ndéanaimid cinneadh níos mionsonraithe maidir leis an iniúchóireacht a dhéanfaimid na blianta dár gcionn agus na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun é sin a dhéanamh.

Nuair a bhíonn ár gclár oibre á leagan síos againn, roghnaímid tascanna iniúchóireachta agus cuirimid roinnt critéar oibríochtúil i bhfeidhm ina leith, amhail:

- rioscaí don bhuiséad agus do chur chun feidhme an bheartais tríd an mbuiséad;
- an méid airgid atá i gceist;
- a mhéid a rinneadh na réimsí iniúchóireachta a chlúdach roimhe seo;
- an breisluach/tionchar féideartha; agus
- na hacmhainní atá ar fáil.

Sa phróiseas sin, cuirimid san áireamh na moltaí le haghaidh iniúchóireachta a fhaighimid ónár ngeallsealbhóirí institiúideacha (coistí i bParlaimint na hEorpa a chuireann moltaí isteach trí Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí sa Pharlaimint, agus Buanionadaíochtaí na mBallstát san Aontas Eorpach). Ag deireadh an phróisis, glacaimid ár gclár oibre agus cuirimid béim ar ár dtosaíochtaí iniúchóireachta do na blianta amach romhainn agus tugaimid mionsonraí i dtaobh na dtuarascálacha speisialta agus na n-athbhreithnithe atá ar intinn againn a dhéanamh, sa bhreis ar ár dtuarascálacha bliantúla.

Roinnimid **clár oibre na Cúirte Iniúchóirí** lenár ngeallsealbhóirí agus déanaimid nuashonrú rialta ar ár **dtráthchlár táscach de na tuarascálacha** atá le foilsiú laistigh de thréimhse 12 mhí.

Cé go ndéanaimid ár n-obair iniúchóireachta a phleanáil roimh ré, táimid fós in ann freagairt d'imthosca nuair is gá iniúchadh a dhéanamh ar réimse beartais de chuid an Aontais ar fhógra gearr nuair a thagann saincheisteanna chun cinn a gcaitear déileáil leo.

## 8. Cén tionchar atá ag ár gcuid oibre?

Fónann ár gcuid oibre mar **bhonn eolais do dhéantóirí beartais agus do reachtóirí faoi réimsí den Aontas a gcaithfear déanamh níos fearr iontu amach anseo**. Tá siad soiléir agus inrochtana freisin, ós rud é go gcreidimid gur cheart go mbeadh saoránaigh in ann a thuiscint go héasca cad é atá déanta lena gcuid airgid agus ar caitheadh ar bhealach eolasach agus i gcomhréir leis na rialacha é.

Cé nach bhfuil ceangal dlí ag gabháil lenár gcuid **moltaí**, glacann ár n-iniúchaithe lena bhformhór agus cuireann siad chun feidhme iad. Agus nuair a théimid siar ar réimse iniúchóireachta roinnt blianta tar éis dár dtuarascálacha a bheith foilsithe, feicimid go seasta go raibh tionchar dearfach ag ár moltaí.

## 9. Cé a bhíonn ag obair sa Chúirt Iniúchóirí agus cén ról atá ag Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí?

Feidhmíonn an Chúirt Iniúchóirí mar **chomhlacht coláisteach** ina bhfuil comhaltaí as gach Ballstát den Aontas. Is í an Chomhairle, ag éirí as comhairliúchán le Parlaimint na hEorpa, a cheapann Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí go ceann tréimhse in-athnuaite sé bliana. Is uachtarán atá i gceannas ar an gCúirt Iniúchóir, duine de na Comhaltaí a bhíonn tofa ag an gcoláiste. Glacann an t-uachtarán an ról mar 'shaoi i measc na sua' ar feadh téarma in-athnuaite trí bliana.

Sanntar Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí chuig ceann de **chúig sheomra iniúchóireachta**, ina ndéantar formhór ár dtuarascálacha iniúchóireachta, athbhreithnithe agus tuairimí a ghlacadh. Leithdháileann na seomraí iniúchóireachta a gcuid tascanna ar a gcuid Comhaltaí. Tá gach Comhalta cuntasach don seomra, agus don Choláiste, as a gcuid tascanna iniúchóireachta.

Tá thart ar **950 duine** ar fhoireann na Cúirte. Cé gur iniúchóirí iad a bhformhór, tá aistritheoirí agus foireann a thugann seirbhísí tacaíochta agus a bhíonn ag gabháil don riarachán ginearálta fostaithe freisin againn. Tá réimse leathan cúlraí agus taithí ag an bhfoireann iniúchóireachta san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, lena n-áirítear cuntasaíocht, iniúchóireacht inmheánach agus sheachtrach, dlí agus eacnamaíocht. Fostaíonn an Chúirt **náisiúnaigh ó gach Ballstát den Aontas**. Mar sheirbhísigh shibhialta den Aontas Eorpach, tá foireann na Cúirte faoi réir Rialacháin Foirne an Aontais. Tá mórán an líon céanna ban is atá d'fhir fostaithe ag an gCúirt.

## 10. Conas a chomhoibrímid le hUasfhorais Iniúchóireachta Bhallstáit an Aontais?

Cuireann an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh de cheangal ar an gCúirt Iniúchóirí agus ar na huasfhorais iniúchóireachta (UFInna) sna Ballstáit **comhoibriú le chéile de mheon muiníne**, ach gan a neamhspleáchas a thréigean.

Comhoibrímid go príomha leis na Ballstáit faoi chuimsiú Choiste Teagmhála UFInna an Aontais Eorpaigh. Cuireann an Coiste sin ardán ar fáil do na UFInna trínar féidir leo a dtaithí agus aon chur chuige modheolaíochta a mhalartú le chéile i ngrúpaí oibre agus i líonraí éagsúla. Bíonn cruinniú uair sa bhliain ag Ceannasaithe UFInna an Aontais chun saincheisteanna atá i mbéal an phobail agus atá ábhartha dóibh go léir a phlé. Le haghaidh tuilleadh eolais, tabhair cuairt, le do thoil, ar shuíomh gréasáin an **Choiste Teagmhála**.

## 11. Conas a rannchuidímid leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise?

Mar iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh, **níl sainordú againn cásanna de chalaois amhrasta a imscrúdú**. Dá bhrí sin, níl ár gcuid iniúchtaí deartha go sonrach chun calaois a bhrath. Nuair a shainaithníonn ár n-iniúchóirí cásanna ina bhfuil amhras orainn go bhféadfadh sé gur tharla gníomhaíocht chalaoiseach, áfach, tá sé d'oibleagáid orainn na cásanna sin a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla.

Nuair a aimsímid cásanna de chalaois amhrasta, tuairiscímid an cás – in éineacht le haon fhaisnéis agus fianaise ábhartha – chuig **an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)**, an roinn sa Choimisiún atá freagrach as cásanna amhrasta de chalaois agus éilliú a imscrúdú, agus, i gcás inarb infheidhme, chuig **Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)**, oifig neamhspleách an Aontais Eorpaigh a imscrúdaíonn agus a ionchúisíonn coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

In 2023, thuairiscíomar 19 gcás de chalaois amhrasta chuig OLAF ar cásanna iad sin a tháinig chun solais le linn ár gcuid oibre iniúchóireachta. Rinneadh 17 gcinn de na cásanna sin a thuairisciú freisin chuig OIPE. Inár dtuarascáil bhliantúil ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh, tugtar faisnéis bhreise faoi nádúr na gcásanna calaoise amhrasta agus, i gcás inarb infheidhme agus/nó i gcás ina bhfuil sé ar fáil, faoi na haisghabhálacha airgeadais ina dhiaidh sin a bhí molta ag OLAF.

## 12. Cá bhfaighidh tú tuilleadh eolais faoin gCúirt Iniúchóirí?

Tá tuilleadh eolais faoinár gcuid oibre agus faoi na torthaí le fáil ar ár **suíomh gréasáin**.

Más mian leat **teagmháil a dhéanamh leis an gCúirt Iniúchóirí**, cuir ríomhphost chugainn le do thoil ag ECA-InstitutionalRelations@eca.europa.eu.